Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 16 Samhain 2018
(OR. en)

13987/18

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2018/0236(COD)**

| | |
|---|---|
| ESPACE 61 | MI 807 |
| RECH 476 | ENER 364 |
| COMPET 748 | EMPL 515 |
| IND 331 | CSC 314 |
| EU-GNSS 25 | CSCGNSS 9 |
| TRANS 518 | CSDP/PSDC 633 |
| AVIATION 146 | CADREFIN 333 |
| MAR 164 | CODEC 1921 |
| TELECOM 389 | IA 379 |

**NÓTA**

| | |
|---|---|
| ó: | An Uachtaránacht |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 13980/18 + COR1 |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | 9898/18 + ADD 1-4 |
| Ábhar: | *Ullmhúchán do Chomhairle an Aontais Eorpaigh (Iomaíochas (an Margadh Inmheánach, an Tionsclaíocht, an Taighde agus an Spás)) an 29 agus an 30 Samhain 2018*<br>Rialachán lena mbunaítear clár spáis an Aontais (an chéad léamh)<br>*- Tuarascáil ar dhul chun cinn* |

# I. RÉAMHRÁ

1. Ar an 6 Meitheamh 2018, chuir an Coimisiún an togra thuasluaite le haghaidh Rialachán faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle.

2. Cuid den obair iardain ar an Teachtaireacht ón gCoimisiún maidir le Straitéis Spáis don Eoraip (SSE) is ea an Rialachán atá beartaithe. Is iad seo a leanas na cuspóirí ginearálta atá sa chlár nua atá beartaithe:

- sonraí, faisnéis agus seirbhísí a bhaineann leis an spás atá ar ardcháilíocht, cothrom le dáta agus, i gcás inarb iomchuí, slán, a sholáthar ar an leibhéal domhanda nuair is féidir, a chomhlíonfaidh na riachtanais atá ann faoi láthair agus a bheidh ann amach anseo, agus a bheidh in ann tosaíochtaí polaitiúla an Aontais a chomhlíonadh;

- na sochair shocheacnamaíocha a uasmhéadú, lena n-áirítear tríd an úsáid is leithne is féidir a bhaint as na sonraí, faisnéis agus seirbhísí a sholáthraíonn comhpháirteanna an Chláir;

- slándáil an Aontais gona Bhallstáit a fheabhsú, mar aon lena shaoirse ghníomhaíochta agus a fhéinriail straitéiseach;

- ról an Aontais a chur chun cinn ar an leibhéal idirnáisiúnta mar phríomhghníomhaí in earnáil an spáis agus a ról maidir le dul i ngleic le dúshláin dhomhanda agus tacaíocht a thabhairt do thionscnaimh dhomhanda a neartú.

3. Is é is aidhm leis an gclár spáis atá beartaithe coimirciú a dhéanamh ar leanúnachas agus éabhlóid Galileo agus EGNOS (Breis-seirbhís na hEorpa um Loingseoireacht Gheochobhsaí), córas suite satailíte GNSS an Aontais, agus Copernicus, an córas um fhaire na Cruinne is forbartha ar domhan. Tríd an tionscnamh maidir le feasacht staide an spáis (SSA), tacaítear le hinbhuanaitheacht fhadtéarmach agus slándáil gníomhaíochtaí spáis trína áirithiú go dtabharfar cosaint ar phríomhghuaiseacha spáis. Leis an tionscnamh nua maidir le cumarsáid satailíte rialtais (Govsatcom), rathaítear go mbeidh rochtain ag na Ballstáit agus ag gníomhaithe slándála an Aontais ar chumarsáid shatailíte shlán.

4. Tá beartaithe ag an gCoimisiún:

- Creat dlíthiúil an Aontais atá ann cheana maidir leis an mbeartas spáis a shimpliú agus a chuíchóiriú. Is faoi aon bhunús dlí amháin a bheidh gach gníomhaíocht spáis den chéad uair riamh (Airteagal 189 CFAE, an spás). Déantar cuíchóiriú sa togra ar na rialacha éagsúla a bhí ann go nuige seo i rialacháin nó i gcinntí, cuirtear le chéile iad in aon téacs amháin agus cuirtear gnéithe nua leo;

- Foráiltear do ranníocaíochtaí buiséadacha agus do shásraí, faoi réir thoradh na caibidlíochta maidir le Creat Airgeadais Ilbhliantúil 2021-2027. Is é EUR 16 bhilliún i bpraghsanna reatha don tréimhse 2021-2017 a bheidh i mbuiséad foriomlán an chláir ag a mbeidh an miondealú táscach seo a leanas: i gcás Galileo agus EGNOS: EUR 9.7 billiún; i gcás Copernicus: EUR 5.8 billiún; i gcás SSA agus Govsatcom: EUR 0.5 billiún;

- Córas rialachais aontaithe agus simplithe a bhunú. Is é an Coimisiún i gcónaí atá freagrach as an gclár foriomlán a bhainistiú. Tá beartaithe ag an gCoimisiún go ndéanfaí an Ghníomhaireacht Eorpach GNSS, a athainmniú mar 'Gníomhaireacht an Aontais don Chlár Spáis', ar gníomhaireacht í a thacóidh a thuilleadh le saothrú agus margaíocht ghníomhaíochtaí spáis an Aontais agus a mbeidh ról níos mó aici i dtaobh chreidiúnú slándála gach comhpháirte den chlár a áirithiú. I bhfianaise nach bhfuil a sárú ann ó thaobh saineolas, beidh an Ghníomhaireacht Eorpach Spáis (ESA) ina chomhpháirtí lárnach ó thaobh chur chun feidhme teicniúil agus oibríochtúil chlár spáis an Aontais;

- Sonraítear agus caighdeánaítear creat slándála an Chláir, go háirithe a mhéid a bhaineann leis na prionsabail nach mór a urramú, agus na nósanna imeachta a bheidh le leanúint agus na bearta a bheidh le déanamh.

5. Cheap an Coiste um Thionsclaíocht, um Thaighde agus um Fhuinneamh (ITRE), ar coiste de chuid Pharlaimint na hEorpa é, Massimiliano Salini (EPP, IT) mar rapóirtéir agus vótálfar ar dhréacht-tuarascáil ar an 21 Samhna 2018. Táthar ag súil go reáchtálfar an vótáil iomlánach i mí na Nollag 2018.

6. Thug Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa uaidh a thuairim an 17 Deireadh Fómhair 2018[1] agus ghlac sé an tuairim sin, ach táthar ag fanacht fós leis an tuairim ó Choiste na Réigiún.

---

1 13686/18.

## II. OBAIR LAISTIGH DEN CHOMHAIRLE

7. Is le linn 20 cruinniú a tionóladh faoi Uachtaránacht na Bulgáire agus faoi Uachtaránacht na hOstaire a scrúdaigh an Mheitheal um an Spás an togra sin.

8. Ó tharla go bhfuil an Rialachán atá beartaithe ar cheann de na pacáistí de thograí a bhaineann leis an gCreat Airgeadais Ilbhliantúil (CAI), cuireadh ar leataobh gach foráil lena ngabhann impleachtaí buiséadacha nó ar de chineál cothrománach í - ag feitheamh ar dhul chun cinn sa bhreis ar CAI. Baineann na forálacha sin, ar idir lúibíní cearnacha atá siad sa téacs , leis an sprioc maidir leis an aeráid (Aithris 13), cosaint bhuiséad an Aontais i gcás easnaimh ghinearálaithe maidir le smacht reachta sna Ballstáit, (Aithris 22), rannpháirtíocht na dtríú tír i gclár an Aontais (Airteagal 7(2)), Úinéireacht agus úsáid sócmhainní - conarthaí nó socruithe eile a thabhairt i gcrích le tríú páirtithe (Airteagal 9(3) agus (4)), agus an t-imchlúdach airgeadais do chur chun feidhme an Chláir (Airteagal 11(1)).

9. Rinneadh mionscrúdú ar an measúnú tionchair a ghabhann leis an togra sin ar an 13 agus an 26 Meitheamh 2018, agus díríodh go háirithe ar na gnéithe sin ar iarr na toscaireachtaí tuilleadh soiléirithe ina dtaobh. Sainaithníodh saincheisteanna sonracha freisin, ar bhonn freagraí a tugadh ar an seicliosta, saincheisteanna ar ghá aird ar leith a thabhairt orthu agus mionphlé a dhéanamh orthu.

10. Ba dhíol sásaimh do na toscaireachtaí an togra ón gCoimisiún ina ndéantar forbairt ar straitéis spáis na hEorpa 2016 agus thacaigh siad tríd is tríd leis na rialacha a shimpliú agus a chuíchóiriú agus leis an imchlúdach airgeadais atá beartaithe. Measann an Chomhairle gur ríthábhachtach go leanfar de chláir shuaitheanta an spáis (Copernicus, Galileo agus EGNOS) agus is díol sásaimh di freisin na gnéithe a bhaineann leis an iomaíochas i gcás gníomhaithe spáis, idir "sean" agus "nua", FBManna agus gnólachtaí nuathionscanta go mór mór, agus na gnéithe a bhaineann leis an spás mar chumasóir an gheilleagair dhigitigh, sineirgí le cláir eile de chuid an Aontais, an chuimsitheacht agus bearta fothaithe acmhainní.

## III. NA PRÍOMH-SHAINCHEISTEANNA ATÁ FÓS LE RÉITEACH AGUS NA PRÍOMHATHRUITHE AR AN TÉACS

11. Rinne an Mheitheal um an Spás an scrúdú a chur i gcrích, cé is moite de na forálacha a bhaineann leis an tslándáil, atá ar feitheamh go dtí go dtabharfaidh Coiste Slándála na Comhairle (CSC) a tuairim uaithi maidir leis an gcuid sin den téacs, mar a d'iarr an Mheitheal um an Spás i mí Iúil 2018.

12. Tá an togra comhréitigh is déanaí ón Uachtaránacht san aguisín a ghabhann leis an doiciméad seo (13987/18 ADD 1). Rinneadh plé ar na hábhair seo a leanas:

a) Rialachas (Airteagal 27- Airteagal 32): rinneadh an téacs a fheabhsú chun tuilleadh soiléiriú a thabhairt ar na róil atá roinnte idir na gníomhaithe uile (an Coimisiún, na Ballstáit, Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um an gClár Spáis agus an Údarás Eorpaigh Maoirseachta (ESA)). Is gá tuilleadh oibre a dhéanamh le gur féidir raon feidhme na ngníomhaíochtaí atá le déanamh a cheapadh ar bhealach níos fearr.

Maidir le Rialachas, tá modhnú déanta ar Airteagal 107 "Nós imeachta coiste" le go gcuimseofar foirmíochtaí éagsúla do choiste an chláir: foirmíocht chothrománach agus foirmíocht do gach comhpháirt, agus cearta comhionanna acu ar fad. Déanfar an fhoirmíocht "slándála" a scrúdú a thuilleadh a luaithe a bheidh tuairim Coiste Slándála na Comhairle le fáil.

b) Rochtain ar spás (Airteagal 5): is gá tuilleadh oibre a dhéanamh le go saineofar scóip na ngníomhaíochtaí a thagann faoi rochtain ar spás.

c) Forálacha ginearálta (Airteagal 1- Airteagal 10): rinneadh na sainmhínithe a ailíniú leis na hathruithe a tugadh isteach i gcodanna áirithe den téacs agus tugadh roinnt sainmhínithe nua isteach. Rinneadh tuilleadh soiléiriú ar na forálacha a bhaineann le comhpháirteanna agus cuspóirí an chláir.

d) Ranníocaíochtaí buiséadacha agus sásraí (Airteagal 11 - Airteagal 13): cuireadh uasteorainn leis i ndáil le cistí a ath-leithdháileadh idir catagóirí caiteachais.

e) Forálacha airgeadais (Airteagal 14 - Airteagal 26): cuireadh Bord soláthair leis chun faireachán a dhéanamh ar an bpróiseas soláthair agus déantar roinnt forálacha a shoiléiriú a thuilleadh ann. Ina dhiaidh sin féin, is gá tuilleadh oibre a dhéanamh ar an Teideal, go háirithe i gcás Airteagal 25 "Leas slándála riachtanach an Aontais agus na mBallstát a chosaint".

f) Comhpháirteanna an chláir (Galileo agus EGNOS, Copernicus, Feasacht Staide an Spáis (SSA) agus Govsatcom) (Airteagal 43- Airteagal 69): rinneadh tuilleadh soiléiriú ar na forálacha agus tugadh tuilleadh sonraí ina leith.

g) Gníomhaireacht an Aontais (Airteagal 70 - Airteagal 99): tugadh isteach roinnt soiléirithe maidir leis na forálacha a bhaineann le feidhmiú ghníomhaireacht an Aontais.

h) Táscairí (Iarscríbhinn): rinneadh dhá shraith táscairí a fhorbairt, ceann amháin don tuairisciú bliantúil agus ceann amháin do mheastóireachtaí ilbhliantúla maidir le cur chun feidhme an chláir.

13. Ainneoin na n-iarrachtaí móra a rinneadh agus an dul chun cinn suntasach atá déanta, is eol don Uachtaránacht gur gá tuilleadh oibre a dhéanamh. Tá rún ag an Uachtaránacht togra comhréitigh athbhreithnithe maidir leis an Meitheal um an Spás a chur i láthair go luath le teacht ar chomhaontú foriomlán maidir leis an téacs, agus sainordú a iarraidh ar Coreper chun dul i mbun caibidlíochta le Parlaimint na hEorpa a luaithe is féidir.

## IV. CONCLÚID

14. Iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe agus ar an gComhairle an tuarascáil thuas a thabhairt dá n-aire a faoin dul chun cinn a rinneadh maidir leis an scrúdú ar an togra le haghaidh Rialachán lena mbunaítear clár spáis an Aontais.